



AN BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

Tuarascáil Bhliantúil

2017



Tréimhse Tuairiscithe 1 Eanáir go 31 Nollaig 2017

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taisní Muirí ar an 25ú Márta 2003 faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taisní Muirí a Imscrúdú), 2000.

Fanann an cóipcheart atá sa tuarascáil seo leis an mBord Imscrúdú Taisní Muirí de bhua alt 35(5) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taisní Muirí a Imscrúdú), 2000.

Ní ceadmhach d'aon duine an tuarascáil seo ná aon chuid di a tháirgeadh, a atáirgeadh nó a sheoladh in aon fhoirm nó ar aon bhealach gan cead dearfa a fháil ón mBord Imscrúdú Taisní Muirí.

Is ceadmhach an tuarascáil seo a úsáid gan srian do chuspóirí oideachais.

An Clár

Cuid 1


1. Ráiteas an Chathaoirligh	2
2. Comhaltáí an Bhoird agus Eolas Ginearálta	5
3. Réamhrá	8
4. Achoimre de Thaismí a Tharla in 2017	9
5. Achoimre de na Tuarascálacha a Foilsíodh i Rith 2017	11
6. Sampla de Chásanna a Foilsíodh i Rith 2017	23
7. Comparáid idir na Taismí Muirí 2008 - 2017	24
8. Treochtaí Básanna 2008 - 2017	2

Cuid 2

Ráitis Airgeadais don tréimhse 1ú Eanáir go dtí 31ú Nollaig 2017	27
--	----

Tá leagan Béarla den Tuarascáil seo ar fáil ó shuíomh idirlín an Bhoird, www.mcib.ie, nó de bhun iarratais ó Rúnaí an Bhoird.

Ráiteas an Chathaoirligh



Cliona Cassidy, B.L.,
Cathaoirleach

A Aire,

Faoi réir na riachtanas atá san Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000, cuirim i láthair an 15ú Tuarascáil Bhliantúil den Bhord Imscrúdú Taismí Muirí (MCIB), ag clúdach na tréimhse 1 Eanáir - 31 Nollaig 2017.

Forbhreathnú ar 2017

Chuir an MCIB tús le himscrúduithe i gcúig thaisme muirí in 2017. B'shin laghdú suntasach ar na 15 imscrúdú a tosaíodh in 2016. Leis an laghdú ar na teagmhais faoi shainchúram reachtúil an MCIB, tháinig laghdú ar líon na mbásanna, cé go raibh sé sin fós os cionn an líon a tharla in 2014 agus 2015. San iomlán, bhásaigh seisear sna cúig thaisme muirí a fiosaíodh.

Bhásaigh beirt de bharr dhá theagmhas ina raibh báid iascaigh i gceist agus chuaigh an dá ártach síos. Bhásaigh triúr in dhá theagmhas ina raibh ártach áineasa i gceist. Bhásaigh duine amháin i dteagmhas ina raibh ártach roró i gceist. Níor tharla gortú d'aon duine de bharr teagmhais a tháinig faoi shainchúram reachtúil an MCIB in 2017.

Bunaíodh an MCIB 15 bliana ó shin agus faoi dheireadh mhí na Nollag 2017 tá 216 tuairisc foilsithe aige faoi theagmhais a tháinig faoina shainchúram reachtúil. D'fhoilsigh an Bord ocht dTuairisc Dheiridh in 2017.

Tá Éire, agus an MCIB dá réir sin, ina ball gníomhach den Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí ("EMSA"). Tá an EMSA freagrach as cabhair theicniúil a chur ar fáil chun Treoir 2009/18/CE ("an Treoir") a chur i bhfeidhm, ag bunú na mbunphrionsabal a rialaíonn an t-imscrúdú ar thaismí san earnáil iompair mhuirí. Tugtar éifeacht don treoir seo i reachtaíocht na hÉireann le I.R. Uimh. 276/2011 - Rialacháin Chomhphobail na hEorpa (Loingis Cheannaíochta) (Taismí a Imscrúdú) 2011. Tá an EMSA freagrach freisin as cothabháil agus feabhsúchán a chur ar an Ardán Eorpach um Fhaisnéis maidir le Taismí Muirí, bunachar chun sonraí taismí agus tuairiscí fiosrúchán a chuireann na Ballstáit ar fáil a stóráil agus anailís a dhéanamh orthu. Faoin Treoir, tá oibleagáid ar Éirinn sonraí ábhartha a chur ar fáil faoi thaismí muirí atá clúdaithe ag an Treoir agus tá sé de dhualgas ar an MCIB na sonraí sin a chur ar fáil tríd an EMCIP.

Tá bunachar an EMCIP ina acmhainn luachmhar anailíse d'árthaigh atá clúdaithe ag Treoir 2009/18/CE, ina n-áirítear báid iascaigh atá níos mó ná 15 mhéadar ar fhad. Idir Iúil 2017 agus Nollaig 2017, rinne an EMSA anailís a bhí dírithe ar bháid iascaigh chun anailís a dhéanamh ar shonraí a bhí tuairiscithe san EMCIP d'fhonn cúinsí ionchasacha sábháilteachta a aimsiú. Ní fhéadfaí an cineál sin anailíse a dhéanamh gan an tiomsúchán lárnach de na sonraí ó na Ballstáit go léir agus tá sé ríthábhachtach go mbeadh EMCIP oiriúnach don fheidhm agus go sásódh sé riachtanais na mBallstát go léir. Bhí Rúnaí an Bhoird, Margaret Bell, páirteach san fhorbairt agus sa tástáil a rinneadh ar bhunachar agus comhéadan nua agus feabhsaithe EMCIP thar cheann an MCIB. Cinntíonn an obair a rinne sí go bhfuil riachtanais agus ionchuir na hÉireann corpraithe sa chóras nua.

In Iúil 2017, chuir an Bord fáilte roimh fhoilsiú an leagain leasaithe den Chód Cleachtas: *The Safe Operation of Recreational Craft* a chuir an Roinn Iompair, Turasoireachta agus Spóirt ar fáil. Molann an Bord dóibh sin ar fad a bhaineann úsáid áineasa as gníomhaíochtaí uisce-bhunaithe eolas a chur ar an gCód agus a chinntiú go bhfuil a ngníomhaíochtaí ar fad ag cloí leis. Cuireann na tuairiscí a foilsíodh in 2017 an bhéim ar na contúirtí ina dtéann úsáideoirí áineasa nuair nach n-áiríonn siad na gnéithe sábháilteachta ar fad a bhaineann lena ngníomhaíocht. Is mian leis an mBord a chur i gcuimhne d'úsáideoirí áineasa an gá atá le iad féin a chur ar an eolas faoin áit ina bhfuil siad ag tabhairt faoin ngníomhaíocht, mar shampla teorainneacha luais agus cúinsí taoide mar aon le contúirtí agus rioscá eile atá ar eolas faoi áit. Ní mór do dhaoine measúnú a dhéanamh ar choinníollacha aimsire agus solais ag an am a mbeifear ag déanamh na cuairte chun cuidiú le pleanáil turais nó gníomhaíochta. Tá sé tábhachtach freisin go gcuirfeadh úsáideoirí áineasa eolas maith ar an ártach nó ar an mbád a bheidh siad a úsáid don ghníomhaíocht. Ba chóir a áireamh leis sin na teorainneacha atá leis an ártach, srianta úsáide, an trealamh sábháilteachta atá ar bord,

an bhfuil an t-árthach agus an trealamh sábháilteachta cuí agus dóthanach don líon daoine a bheidh ar bord, agus an bhfuil cothabháil chuí déanta ar an árthach agus ar an trealamh sábháilteachta. Gan eolas mar sin ní bheidh oibreoir an árthaí in ann forghníomhú i gcás éigeandála nó athrú aimsire. Is mian leis an mBord freisin meabhrú d'úsáideoirí árthach áineasa faoi na riachtanais a bhaineann le gaireas snámhachta pearsanta (PFD) a chaitheamh nuair sa bhítear ag oibriú báid den chineál sin, mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun bád áineasa a oibriú go sábháilte.

Léiríonn na tuairiscí a d'fhoilsigh an MCIB in 2017 na rioscaí a bhíonn i gceist mura mbíonn córas bainistíochta sábháilteachta cuí i bhfeidhm ar longa agus ar bháid paisinéirí nó ar bháid iascaigh. Cé go bhféadfadh difríocht a bheith i gceist i dtaca le riachtanais reachtúla do na cineálacha agus na méideanna éagsúla árthach, tá an bunchuspóir céanna i gceist: sábháilteacht agus leas an chriú, na bpaisinéirí agus an árthaigh a chinntiú. Méadaíonn an baol go dtarlóidh teagmhas mura ndéantar measúnuithe riosca agus mura gcuirtear i bhfeidhm na polasaithe a bhíonn mar thoradh orthu i dtaca le hoibriú sábháilte agus bainistiú sábháilteachta. Ní bhíonn sé indéanta i gcónaí fáil réidh le gach riosca, ach má bhíonn nósanna imeachta agus polasaithe cuí i bhfeidhm ba chóir go laghdófaí an dochar a dhéanfaidh aon teagmhas. Is mian leis an mBord a mheabhrú do gach úinéir, oibreoir agus scipéir nach mór na polasaithe agus na nósanna imeachta sin a chur i gcleachtadh agus a chur i bhfeidhm i ngach gníomhaíocht agus ar gach turas ar an árthach.

D'fhéadfadh gurb é an úsáid cheart a bhaint as trealamh tarrthála, lena n-áirítear PFDanna, rabhcháin aimsiúcháin pearsanta (PLBanna), fléaranna agus trealamh raidió VHF, a bheadh mar dhifríocht idir gortú agus bás i dtaismí muirí. Arís eile, léiríonn na tuairiscí a foilsíodh in 2017 na contúirtí a bhíonn i gceist mura mbíonn trealamh sábhála cuí ar fáil, nó nach mbaintear an úsáid cheart as trealamh sábhála. Tá sé rithábhachtach d'éifeachtúlacht trealamh den chineál sin go gcoinneofaí i gcaoi cheart é agus ní ceart d'úinéirí ná d-oibreoirí árthach neamhaird a dhéanamh dó sin. Molann an Bord do gach úsáideoir, úinéir agus oibreoir árthaigh iad féin a chur ar an eolas faoina n-oibleagáidí reachtúla maidir le soláthar agus cothabháil an trealamh sábhála ar a gcuid árthach.

Imscrúduithe Seachtracha ar Thaismí

Ba é painéal imscrúdaitheoirí seachtrach an Bhoird a rinne na himscrúduithe go léir ar thaismí. Ar an bpainéal sin tá pearsanra a bhfuil cáilíochtaí teicniúla acu mar ailtirí cabhlaigh, innealtóirí muirí nó oifigigh deice agus léiríonn sé inniúlacht agus taithí leathan muirí.

Tuarascálacha a Foilsíodh in 2017

D'fhoilsigh an Bord ocht dTuarascáil Deiridh i rith 2017 agus tá na sonraí iomlána ar leathanaigh 11 go dtí 22.

Teagmhais in 2017

Chuir an Bord tús le himscrúduithe maidir le 5 theagmhas in 2017. Tá achoimre de shonraí na dteagmhas curtha ar fáil sa tábla thíos. Tá na sonraí iomlána faoi na teagmhais go léir leagtha amach ar leathanaigh 9 go dtí 10. Tharla péire de na teagmhais i dtionscal na hiascaireachta, péire san earnáil áineasa agus bhí long lastais ghinearálta i gceist i gceann eile.

Is mian leis an mBord a chomhbhrón a chur in iúl dóibh sin ar fad ar bhásaigh duine muinteartha leo sna teagmhais sin.

Earnáil	Teagmhais	Soithigh Bháite	Básanna	Gortuithe
Iascaireacht	2	2	2	DADA
Lastas Ginearálta	1	DADA	1	DADA
Áineasa	2	DADA	3	DADA
Paisinéirí	DADA	DADA	Dada	DADA
Iomlán	5	2	6	DADA

Báid Iascaigh

Tharla dhá theagmhas ina raibh báid iascaigh i gceist agus bhásaigh daoine sa dá cheann acu.

- FV Shanie Boy 26ú Bealtaine 2017
- FV Julie Eleanor 22ú Samhain 2017

Árthaigh Áineasa

Tharla dhá theagmhas ina raibh árthaigh áineasa i gceist agus bhásaigh daoine sa dá cheann acu.

- Málainn Bhig 9ú Iúil 2017
- Teagmhas Cadhcála ar an tSiúir 11ú Samhain 2017

Longa Paisinéirí

Tharla teagmhas amháin ina raibh bád paisinéirí roró i gceist agus bhásaigh duine dá bharr.

- MV European Endeavour 22ú Meitheamh 2017

Tá táblaí sonracha de theagmhais a tharla sna blianta 2008 go dtí 2017 ar leathanach 24 agus 25 den tuarascáil seo. Tá achoimre de na teagmhais go léir a tharla sna blianta sin ar fáil sa tábla thíos.

	2008	2009	2010	2011	2012	2013	2014	2015	2016	2017
Básanna	9	6	18	7	13	6	5	5	9	6
Gortuithe	Dada	Dada	2	Dada	4	Dada	1	0	14	Dada
Árthaigh a bhí i gCeist	10	6	18	12*	17	6	7	7	15	5

*Níl an teagmhas a tharla ag Ceann Chlochair in 2011 áirithe anseo, ceann ina raibh a lán cadhcanna i gceist.

Airgeadas

Sa bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig, 2017, chláraigh an Bord easnamh oibriúcháin de €1,580, agus mar thoradh air sin bhí easnamh carntha de €41,847 sa tréimhse 2002– 2017. Tá na ráitis airgeadais iomlána leagtha amach ar leathanaigh 27 go dtí 39. Tá an t-easnamh ann go príomha de thoradh líon na dtuairiscí atá idir lámha agus nach bhfuil fócaíocht faighte orthu go fóill. Fuarthas maoiniú in 2018 agus táthar ag súil go leanfar de bheith á fháil chun a chinntiú gur féidir leis an mBord a dhliteanas go léir a ghlanadh..

Eitic in Oifigí Poiblí

I rith 2017, chloigh na comhaltaí Boird ar fad leis na forálacha agus na riachtanais infheidhmithe den Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001.

Buíochas

Is mian liom buíochas a ghlacadh le mo chomhghleacaithe Boird as a n-ionchur i rith 2017 mar gan é sin ní bheadh rathúlacht an Bhoird indéanta. Cúis áthais ab ea fáilte a chur roimh Dorothea Dowling, Leaschathaoirleach, Frank Cronin agus Nigel Lindsay chuig an mBord in 2017.


Ní bheadh aon chuid dár gcuid oibre indéanta gan an obair a rinne ár bpainéal éifeachtúil d'imscrúdaitheoirí agus Tom Power, an tImscrúdaitheoir Comhordaithe. Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl dóibh as a n-iarraichtaí ar fad i dtáirgeadh ár dTuairiscí i rith na bliana.

Ní mór aitheantas a thabhairt freisin don Rúnaíocht mar gan a scileanna agus a dtaithí ní fheidhmeodh an Bord. Thar cheann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leo as a n-obair chrua agus a dtiomantas i dtimpeallacht dhúshlánach le hacmhainní teoranta. Is mian leis an mBord freisin a bhuíochas agus a dhea-mhéin a chur in iúl do Assumpta Dowd a d'éirigh as i samhradh 2017. Bhí sé d'ádh orainn gur ceapadh Patrick Leonard ina háit ar an Rúnaíocht.


Mar fhocal scoir, is mian liom ár mbuíochas a thaifead as an gcabhair a thug tú féin agus do chuid oifigeach don Bhard i rith 2017.

CLIONA CASSIDY, B.L.,
CATHAOIRLEACH

Comhaltaí an Bhoird agus Eolas Ginearálta



Cathaoirleach:
Cliona Cassidy, B.L.,



Leaschathaoirleach:
Ms. Dorothea Dowling



Comhalta Boird:
Mr. Frank Cronin



Comhalta Boird:
Brian Hogan,
Príomhshuirbhéir
An Roinn Iompair,
Turasóireachta agus Spóirt



Comhalta Boird:
Nigel Lindsay
Príomh-imscrúdaithe
Timpistí Iarnróid,
RAIU, an Roinn
Iompair,
Turasóireachta agus
Spóirt

Rúnaí: Margaret Bell
Rúnaíocht: Monica Quinn
Patrick Leonard

Oifig Chláraithe: Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2.
Teileafón: 01 - 6783485
R-phost: info@mcib.ie
Suíomh Idirlín: www.mcib.ie

Iniúcháirí: An tArd-Reachtair Cunta s& Ciste
Foirgnimh Airgeadais
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

Seo a leanas roinnt eolais ghinearálta maidir leis an mBord Imscrúdú Taismí Muirí (MCIB).

Bunú an Bhoird

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí (MCIB) faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

Feidhm an Bhoird

Is é an fheidhm atá ag an MCIB ná imscrúduithe a dhéanamh ar Thaismí Muirí, mar atá sainithe in Alt 2 den Acht. I gcomhlíonadh a fheidhmeanna, cloíonn an MCIB freisin leis na forálacha atá i gCód Imscrúdaithe Taismí na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta agus i dTreoir 2009/18/CE an AE a rialaíonn an t-imscrúdú ar thaismí san earnáil iompair mhuirí. Tugann I.R. Uimh. 276 de 2011 éifeacht don Treoir 2009/18/CE i ndlí na hÉireann.

Ciallaíonn Taisme Muirí ócáid nó próiseas atá mar chúis le nó atá ina bhaol maidir le:

- (a) bás nó gortú tromchúiseach do dhuine;
- (b) duine titim thar bord;
- (c) cailteanas suntasach nó sáinniú, damáiste nó tuairt i dtaca le háρθach nó maoin; nó
- (d) damáiste suntasach don timpeallacht,

i gcomhar le hoibríú:

- (i) áρθach in uiscí na hÉireann;
- (ii) áρθach atá cláraithe in Éirinn in uiscí in aon áit; nó
- (iii) áρθach a bhíonn lonnaithe nó feistithe in uiscí na hÉireann agus faoi cheannas cónaitheora de Stát, nó in uiscí idirnáisiúnta atá teorantach le huisc na hÉireann.

Is é an aidhm atá le gach imscrúdú na:

1. An chúis nó na cúiseanna a bhí le taisme muirí a fháil amach.
2. Tuairisc a thabhairt faoi thaisme muirí d'fhonn moltaí a dhéanamh chun taismí muirí dá leithéid a sheachaint.

Tá sé tábhachtach a nótaíl NACH mbíonn sé de chuspóir le himscrúdú an milleán ná an locht a chur ar éinne. Tá an Bord neamh-ionchúiseach. Aon ionchúiseamh a eascraíonn as aon timpiste, is feidhm é de chuid na gComhlachtaí Reachtúla, ar nós an Gharda Síochána, srl.

Stádas

Comhlacht reachtúil neamhspleách is ea an Bord, maoinithe ag an Oireachtas faoi Alt 19 den Acht.

Cuirtear cóip den tuairisc dheiridh ar gach imscrúdú chuig an Aire leis na moltaí a bhíonn déanta ann a bhreithniú. Cuirtear gach tuairisc ar fáil in aisce don phobal (ar iarratas) nó is féidir é a fháil trí láithreán gréasáin an MCIB ag www.mcib.ie.

Fiosrúcháin & Tuarascálacha 2017



Tréimhse Tuairiscithe 1 Eanáir go 31 Nollaig 2017

Réamhrá

Ó bunaíodh e in 2002, agus suas go dtí deireadh 2017, tá tuairiscí foilsithe ag an mBord faoi 216 cás.

Taispeánann na staidrimh atá sa Tuarascáil seo na cineálacha éagsúla bád a bhí i gceist agus an chúis a bhí le gach teagmhas, agus tugann siad roinnt léargais do na léitheoirí ar scóip agus ar obair an Bhoird. Go dáta, tá na formáidí tuairiscithe coinnithe i bhformáid chomhsheasmhach ionas gur féidir comparáid a dhéanamh le teagmhais agus le tuairiscí ó bhlianta roimhe seo.

Tá na tuairiscí ar fad foilsithe ar láithreán gréasáin an Bhoird, www.mcib.ie, agus tá líon teoranta díobh ar fáil ar pháipéar ach iarratas a chur chuig an Rúnaíocht.

Achoimre de na Teagmhais a Tharla i rith 2017

1ú Eanáir go dtí 31ú Nollaig 2017

Léiríonn siad seo na teagmhais atá an Bord a fhiosrú ó 2017.

AINM AN ÁRTHAIGH/TEAGMHAIS	DÁTA AN TEAGMHAIS	CINEÁL ÁRTHAIGH	CINEÁL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	BÁSANNA FV
Shanie Boy	26 Bealtaine 2017	Bád Iascaigh <15m	Bá	Maidin Dé hAoine, an 26ú Bealtaine 2017, d'fhág an t-árthach iascaigh sceana mara/breallach 'FV Shanie Boy' Cé na Sceirí do thuras iascaigh 14 huairé an chloig a bhí pleanáilte. Ar bord bhí an Scipéir agus duine eile den chriú. Tar éis roinnt babhtáí rathúla dreideála, líon cuid den dreidire le carraigeacha agus clocha. Ardaíodh é go dtí barr an droicheadáin ach sciort sé de cheann den dá thacaíocht agus thit sé ar bhord na heangaí. Chuaigh sé i bhfostú i gcléata agus mar gheall air sin thosaigh an bád ag luí ar a deasbhord. Rinne an Scipéir iarracht an luí a cheartú tríd an bád a chasadh, ach lean an bád ag tógáil liosta agus d'iompaigh sí ar a béal fúithi go tapa. Rinne an Scipéir agus an ball criú iarracht snámh ón mbád a bhí iompaithe, ach nuair a chuaigh an t-árthach go tóin poill d'imigh an bheirt acu as amharc faoin uisce mar gheall ar éifeacht an bháite. Tháinig an Scipéir go barr uisce agus go gairid ina dhiaidh sin thóg Bád Tarrthála Intíre Sceirí as an uisce é. Níor tháinig an ball eile den chriú go barr uisce. Tógadh corp an bhaill eile den chriú ó ghrinneall na farraige an lá dar gcionn, Dé Sathairn an 27ú Bealtaine, 2017.	1
MV European Endeavour	22 Meitheamh 2017	Long Paisinéirí/Róró Idirnáisiúnta	Taisme Ceirde	Árthach Paisinéirí agus Róró le chéile is ea an 'European Endeavour', agus oibríonn sí seirbhís idir calafoirt Learphoill agus Baile Átha Cliath. Ar an 22 Meitheamh 2017, tháinig an t-árthach go Baile Átha Cliath. Nuair a bhain sí ceann scríbe amach, rinne sí a lastas feithiclí a dhíluchtú. Thart ar 13.25, thángthas ar dhuine den chriú, a bhí ag obair ar an deic lastais oscailte uachtair, ag cúl an leantóra. Brúdh an leantóir chun cinn le rochtain a fháil ar an taismeach. Tugadh cóir Gharchabhrach dó agus tugadh chuig ospidéal in aice láimhe é, áit ar fógraíodh go raibh sé marbh.	1
Málainn Bhig	9 Iúil 2017	Árthach Áineasa, (RIB)	Teagmhas Marfach	Thug bádóir áitiúil tuairisc gur imigh beirt fhear i RIB, thart ar mheán lae ar an 8ú Iúil 2017, ó Ché Theilinn in aice le Rann na Cille, Co. Dhún na nGall. An mhaidin dar gcionn thug fear áitiúil, a raibh cónaí air in aice le Málainn Bhig, tuairisc gur tháinig sé ar chorp a bhí tagtha i dtír ar an trá in aice lena chuid talún. Cuireadh tús le cuardach ar an dara fear. Go gairid ina dhiaidh sin, thángthas ar a chorp siúd ar an gcladach, tamall beag ón áit a bhfuarthas an chéad taismeach.	2

AINM AN ÁRTHAIGH/TEAGMHAIS	DÁTA AN TEAGMHAIS	CINEÁL ÁRTHAIGH	CINEÁL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	BÁSANNA FV
An tSiúir	11 Samhain 2017	Árthach Áineasa, (Cadhc)	Iompú béal fúithi	Maidin an 11ú Samhain 2017, bhí grúpa daoine páirteach i gcadhcaíl i gcomharsanacht Chaisleán na Cathrach, Co Thiobraid Árann. Thug duine den pháirtí faoi loc-chomhla agus dá bharr sin d'iompaigh an cadhc bun os cionn agus chuaigh an duine san uisce. Ní raibh an té sin in ann a theacht as an tsáinn agus a theacht slán. Ina dhiaidh sin chuaigh sa snámh thart ar 3km síos an tSiúir. Nuair a thóg na seirbhísí tarthála an Taismeach as an uisce ní dhearna garchabhair aon mhaith dó.	1
FV Julie Eleanor	22 Samhain 2017	Bád lascaigh <15m	Teagmhas Marfach	Thug bádóir áitiúil tuairisc gur imigh beirt fhear i RIB, thart ar mheán lae ar an 8ú Iúil 2017, ó Ché Theilinn in aice le Rann na Cille, Co. Dhún na nGall. An mhaidin dar gcionn thug fear áitiúil, a raibh cónaí air in aice le Málainn Bhig, tuairisc gur tháinig sé ar chorp a bhí tagtha i dtír ar an trá in aice lena chuid talún. Cuireadh tús le cuardach ar an dara fear. Go gairid ina dhiaidh sin, thángthas ar a chorp siúd ar an gcladach, tamall beag ón áit a bhfuarthas an chéad taismeach.	1

Achoimre ar na Tuairiscí a Foilsíodh 2017

1ú Eanáir go dtí 31ú Nollaig 2017

AINM AN ÁRTHAIGH/TEAGMHAIS	DÁTA FOILSITHE	CINEÁL ÁRTHAIGH	CINEÁL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ/BÁS ANNA	AN CHÚIS A BHÍ LEIS AN TEAGMHAS
Bá Neidín	9 Eanáir 2017	Árthach Áineasa (Canú)	Teagmhas Marfach	San iarnóin ar an 31ú Eanáir, 2016, d'íompaigh beirt agus dhá mhadra i gcanú ón trá i gcomharsanacht na seanreilige sa Teampall Nua, Co. Thiobraid Árann le dul ag fiach lachan ar oileán atá in aice láimhe. Go gairid tar éis dóibh imeacht, d'iompaigh an bád agus cuireadh a raibh istigh inti san uisce. Tarrtháladh duine amháin ina dhiaidh sin; thángthas ar chorp an dara duine an lá dar gcionn, an 1ú Feabhra 2016.	1 Fatality	Tugadh faoin turas i ndrochaimsir nach raibh oiriúnach do chanú luchtaithe. Níor tugadh an aird cheart ar réamhaisnéis na haimsire ó Met Éireann sular tugadh faoin aistear. Ní dhearna an bheirt fhear an réamhchúram bunúsach, is é sin PFDanna a chaitheamh mar atá éilithe ag I.R. 921 de 2005 agus mar atá molta ag Aontas Canúála na hÉireann. Má oibrítear canú aisti féin, gan aon bháid eile a bheith i láthair, laghdaítear go mór an fhéidearthacht mharthana má iompaíonn sí béal fúithi. Is dócha freisin gur chuidigh an dá mhadra, a bhí gan ceangal, le hiompú an bháid mar gheall ar a gcuid gníomhaíochtaí.

AINM AN ÁRTHAIGH/ TEAGMHAIS	DÁTA FOILSITHE	CINEÁL ÁRTHAIGH	CINEÁL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ/BÁS ANNA	AN CHÚIS A BHÍ LEIS AN TEAGMHAS
<p>MV Epsilon (Tuairisc Eatramhach)</p>	<p>1 Feabh 2017</p>	<p>Long Paisinéirí/Róró Idirnáisiúnta</p>	<p>Damáiste de bharr Drochaimsire</p>	<p>San iarnóin ar an 7ú Feabhra, 2016, sheol an 'MV Epsilon' as Cherbourg na Fraince ag déanamh ar Bhaile Átha Cliath in Éirinn. Rinne an Máistir athbhreithniú ar réamhaisnéis na haimsire sular sheol sé, eolas a léirigh drochaimsir faoi bhealach mar gheall ar 'Stoirm Imogen'. Tar éis imeacht as Cherbourg, chuaigh an t-árthach trasna Mhuir nIocht. De réir mar a chuaigh an aimsir in olcas, shocraigh an Máistir foscadh a lorg i gCuan Barnstaple, áit ar dearnadh droch-dhamáiste aimsire don lastas agus gortaíodh roinnt den chríú agus de na paisinéirí. Nuair a d'fheabhsaigh an aimsir cuid mhaith, d'fhág an t-árthach Cuan Barnstaple agus lean sí ar a haistear go calafort Bhaile Átha Cliath, áit a bhain sí amach maidin an 9ú Feabhra, 2016.</p>	<p>0</p>	<p>Ag fanacht leis an tuarascáil deiridh</p>

AINM AN ÁRTHAIGH/ TEAGMHAIS	DÁTA FOILSITHE	CINEÁL ÁRTHAIGH	CINEÁL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ/BÁS ANNA	AN CHÚIS A BHÍ LEIS AN TEAGMHAS
FV Carraig Chun	6 Márta 2017	Bád lascaigh <15m	Bá	D'fhág an 'FV Carraig Chuin' Cill Chaoil, Co. An Dúin ar an 19ú Márta 2016. Bhí an bád ag iascach i Muir Éireann agus bhí sé i gceist filleadh ar Chill Chaoil ar an 21ú Márta 2016. Ag 10.56 ar an 20ú Márta 2016, thuairiscigh an Stiúrthóir Aertráchtá ag Aerfort na Sionainne go raibh comhartha EPIRB faighte ag eitleán agus aithníodh go raibh sé cláraithe leis an mbád. Dheimhnigh UKMCC Kinloss an comhartha ag 10.58. Chuir MRCC Bhaile Átha Cliath an cúram ar an héileacaptar aertharrthála ar muir R116, lonnaithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus ar Bhád Tarrthála an RNLI ag Ceann Chlochair. Crochadh an criú slán sábháilte ag 12.06 agus tugadh go díreach iad chuig ospidéal i nDroichead Átha.	0	Gan imscrúdú a dhéanamh ar an mbád briste, ní féidir a rá go soiléir céard ba chúis leis an teagmhas. Ar chuid de na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith i gceist tá: briseadh tobann isteach i gceann de na hurranna, clár a bhris, nó feisteas trí chabhair an bháid a chlis. Ní raibh PLBanna á gcaitheamh ag an gcriú ag an am a ndeachaigh an bád síos, mar sin níor oibrigh siad. Ní raibh ach dhá PLB ar bord don triúr de chriú. Mar gheall ar chomh tobainn agus a tharla rudaí ní raibh deis ag an gcriú gaoch Mayday a dhéanamh. Bhí an Scipéir ag iarraidh a fháil amach céard a tharla agus ansin chuaigh sé chuig an bpríomhchaidéal ruma chun é a chur ar siúl. Ar éigin a bhí am aige an criú a dhúiseacht as a gcodladh. Ní raibh am ag an gcriú a PLBanna a chur ar siúl, agus is léir nach raibh siad á gcaitheamh.

AINM AN ÁRTHAIGH/TEAGMHAIS	DÁTA FOILSITHE	CINEÁL ÁRTHAIGH	CINEÁL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ/BÁS ANNA	AN CHÚIS A BHÍ LEIS AN TEAGMHAS
FV Sean Anthony	1 Meitheamh 2017	Bád lascaigh 15-24m	Dul ar Thalamh	D'fhág an 'FV Sean Anthony' Cionn tSáile ar an 5ú Aibreán 2016 chun dul ag iascach ar bhráití atá thart ar 25 míle siar ó dheas ó Chionn tSáile. Stop an bád ag iascach ar an 10ú Aibreán, mar gheall ar dhrochaimsir, agus bhí sí ar a bealach ar ais abhaile nuair a chaill sí cumhacht. Cuireadh an bád ar na carraigeacha ar an taobh thiar den bhealach isteach chuig Cé Chionn tSáile, siar díreach ó Lower Cove geall leis. Go gairid roimh dhul ar na carraigeacha, d'eisigh an Scipéir glaoch Mayday agus chuir sé Garda Cósta na hÉireann ar an airdeall. Cuireadh cúram ar an RNLI ag Cionn tSáile dul chuig an láthair agus bhain siad amach an áit in achar beag ama. Tarrtháladh gach duine den triúr criú. Níor tharla aon truailliú.	0	Chuaigh na cinn rópa a bhí ceangailte do cheann an tráil ar thrál an chlébhoird i bhfostú sa lián agus stop siad é ó chasadh. Dá bharr sin, loic an príomhinneall. Chun an t-inneall a chur ar siúl arís, b'éigin imeacht as an gcábán stiúrach agus dul isteach sa seomra innill do gach iarracht. Ach bhí an oiread d'aimhréidh i gceist nárbh fhéidir an t-inneall a chur ar siúl in athuair. Cailleadh am luachmhar leis na hiarrachtaí chun an t-inneall a chur ar siúl agus cumhacht a fháil ar ais. Bhí an bád i gcaol agus í ag imeacht le sruth. Tá rialacháin i bhfeidhm maidir le huaireanta oibre agus scíthe agus ní léir gur cloíodh leo sin. Tá oibriú sábháilte á rthaigh ag brath ar roinnt cúinsí daonna, agus ceann acu sin is ea an t-árthach a bheith foireannaithe go sábháilte, i.e. líon an chriú ar bord agus ceann eile is ea inniúlacht, i.e. cáilíochtaí ábhartha an chriú at á ar bord.

AINM AN ÁRTHAIGH/ TEAGMHAIS	DÁTA FOILSITHE	CINEÁL ÁRTHAIGH	CINEÁL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ/BÁS ANNA	AN CHÚIS A BHÍ LEIS AN TEAGMHAS
Loch Coirib	2 Meitheamh 2017	Árthach Áineasa Oscailte/Mót air	Imbhualadh/ Tuairt	Ar an 26ú Bealtaine 2016, chuaigh bád iascaireachta áineasa agus beirt ar bord amach as Ceathrú Mhór an Chnoic, Co. Na Gaillimhe le haghaidh tráthnóna slatiascaireachta. Le linn di a bheith ag déanamh ar an mbráite deiridh d'imbhuail an bád in aghaidh marc loingseoireachta a bhí daingnithe. Thit duine amháin i bhfarraige ach thángthas air níos deireanaí agus tugadh i dtír é chuig otharcharr. Bhásaigh an té sin san ospidéal.	0	Tharla an t-imbhualadh mar gheall ar easpa duine faire díreach roimh an teagmhas agus mar gheall ar dhrochléargas amach rompu ón ionad stiúrtha. Bhí inneall an bháid rómhór agus róthrom do bhád den mhéid sin agus chuir sé sin le ceann an bháid a bheith níos airde san uisce, rud a chuir srian ar léargas an fhir stiúraigh amach roimhe. Is léir go raibh luas maith faoin mbád rud a chruthaigh deacracht maidir le hairde cheann an bháid mar go raibh an bád ardaíthe ionas go raibh sí ag leath-scimeáil ar an uisce. Ní raibh an bád sách feistithe agus bhí easpa acmhainní agus easpa ullmhúcháin ar an gcriú don turas a bhí pleanáilte. Bhí easpa eolais agus easpa feidhmiúcháin i gceist maidir leis na riachtanais agus an cleachtas is fearr a bhaineann le hárthach áineasa a láimhsiú go sábháilte. Ach go háirithe, ní raibh an ball foirne ag caitheamh PFD ná aon chineál gairis snámhachta eile.

AINM AN ÁRTHAIGH/ TEAGMHAIS	DÁTA FOILSITHE	CINEÁL ÁRTHAIGH	CINEÁL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ/BÁS ANNA	AN CHÚIS A BHÍ LEIS AN TEAGMHAS
<p>FV Cu Na Mara (Tuairisc Eatramhach)</p>	<p>23 Meitheamh 2017</p>	<p>Bád lascaigh 15m-24m</p>	<p>Duine i bhFarraige</p>	<p>Ar an 30ú Meitheamh 2016, thosaigh an 'FV Cu na Mara' ag iascach cloicheán thart ar 130 muirmhíle siar ó Cheann Sléibhe. Bhí na heangacha á ligean amach don chéad trál. Thart ar 14.00 bhí an dá eangach ligthe anuas den dá dhruma eangaigh agus iad sínte siar san uisce ó chúl an bháid. Le linn a bheith ag aistriú cheangaltán na n-eangach anall ó na drumai eangach go dtí an crann tochrais ag cúl an bháid chuaigh duine den chriú i bhfarraige. Chonaic an Scipéir agus an ball foirne eile an teagmhas láithreach agus chúlaigh siad an bád chun cuidiú leis. Bhí Gaireas Snámhachta Pearsanta (PFD) á chaitheamh aige agus shéid sé sin mar is cuí. Thóg an criú an fear as an uisce go tapa agus cuireadh garchabhair air ach níor tháinig sé tríd.</p>	<p>1 Bhás</p>	<p>Ag Fanacht leis an Tuarascáil Deiridh</p>

AINM AN ÁRTHAIGH/ TEAGMHAIS	DÁTA FOILSITHE	CINEÁL ÁRTHAIGH	CINEÁL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ/BÁS ANNA	AN CHÚIS A BHÍ LEIS AN TEAGMHAS
PV Rose of Aran	19 Iúil 2017	Long Paisinéirí/ Intíre	Teagmhas ag cur le cé	Ar an Luan, an 6ú Meitheamh 2016, bhí an long paisinéirí 'PV Rose of Aran' le céibh in Inis Oírr chun paisinéirí a aistriú. Le linn di a bheith le céibh agus paisinéirí ag teacht amach as an mbád thar an ngeata bordála, d'ímigh an long amach ón gcéibh agus thit deireadh an gheata bordála den chéibh. Thit cuid den gheata bordála síos i dtreo an uisce. Bhí beirt phaisinéirí ar an ngeata bordála ag an am agus thit an bheirt acu i bhfarraige idir an long agus an chéibh. Chuidigh daoine a bhí ar an láthair leis an mbeirt phaisinéirí a theacht aníos ar an gcéibh. Cuireadh cóir leighis ar an mbeirt phaisinéirí ar an oileán agus aistríodh ar ais go dtí an mórthír iad ní ba dheireanaí.	2 gortaithe	Ba é an Córas Bainistíochta Sábháilteachta (SMS) a feidhmíodh san DSM, inar áiríodh an drochmhúráil ar an ártach, a bhí mar bhunchúis leis an teagmhas. Ba é scaoileadh an téada cúil isteach san uisce an chúis dhíreach a bhí leis an teagmhas. Baineann an chúis gur tharla sé seo leis na cúinsí seo a leanas: Easpa measúnuithe riosca mionsonraithe don obair mhúrála ag Inis Oírr ag tréimhsí éagsúla na taoide, agus nósanna imeachta laga do mhúráil na loinge mar thoradh air. Easpa struchtúir bhainistíochta, eagrú sábháilteachta agus easpa póilíneachta ar oibriúcháin ag Céibh Inis Oírr, rud nach bhfuil fabhrach do chalú sábháilte ártach agus paisinéirí idirthurais chuig agus amach ón gcéibh. Droch-chleachtas is ea na hinnill a choinneáil ag obair chun cinn nó chun cúil leis an ártach a choinneáil le céibh. Ba chóir an t-ártach a bheith múráilte ar bhealach daingean.

AINM AN ÁRTHAIGH/TEAGMHAIS	DÁTA FOILSITHE	CINEÁL ÁRTHAIGH	CINEÁL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ/BÁS ANNA	AN CHÚIS A BHÍ LEIS AN TEAGMHAS
Bluebird II	20 Iúil 2017	Árthach Áineasa Oscailte/Mót air	Duine i bhFarraige	<p>Maidin an 15ú Lúnasa 2016, d'fhág slatiascaire aonair Cuas Ros Brain in aice leis an Scoil, Co. Chorcaí le dul ag iascaireacht idir na Laonna. Nuair nár fhill sé abhaile go luath sa tráthnóna mar a bhí beartaithe, fógraíodh éigeandáil agus cuireadh tús le cuardach. Níos deireanaí an tráthnóna sin thángthas ar a bhád 'Bluebird II' ach ní raibh aon duine ar bord. Lean an cuardach go raibh sé deireanach san oíche agus arís ó mhoch maidine an lá dar gcionn, tráth a bhfuarthas a chorp.</p>	1 Bhás Amháin	<p>Bhí an taismeach san uisce ar feadh tamaill idir 2.5 uair an chloig agus 5.5 uair an chloig sular fógraíodh an éigeandáil. Nuair a thit an taismeach san uisce ní raibh PFD á chaitheamh aige, rud a chuideodh go mór leis a theacht slán. Ní raibh aon EPRIB ná PLB sa bhád. Fuarthas na gunail agus an greamán deice i ndea-chaoi, ach is léir nach raibh an taismeach soghluaiste go hiomlán mar gheall ar obráid corróige. Os rud é go raibh maidí croise an taismigh stóráilte is maith an seans go raibh sé ag úsáid na gunaile mar thacaíocht. Má bhí sé ag úsáid na gunaile mar thacaíocht bheadh a meáchanlár os cionn na gunaile. Chuirfeadh sé sin go mór leis an mbaol go dtitfeadh sé i bhfarraige.</p>

AINM AN ÁRTHAIGH/ TEAGMHAIS	DÁTA FOILSITHE	CINEÁL ÁRTHAIGH	CINEÁL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ/BÁS ANNA	AN CHÚIS A BHÍ LEIS AN TEAGMHAS
Loch Corrib II	24 Iúil 2017	Bád lascaigh <15m	Duine i bhFarraige	<p>Maidin an 7ú Meán Fómhair 2016, d'fhág an 'Loch Corrib II', bád iascaigh cláraithe intíre, a cé áitiúil. Bhí duine amháin ar bord.</p> <p>Go gairid roimh 12.45, thug ártach eile faoi deara go raibh an bád ina stad amach ó Thamhain. Tugadh faoi deara go raibh an bád fanta san áit chéanna ar feadh tréimhse fhada agus chuaigh Scipéir an árthaigh eile ina treo chun an scéal a fhiosrú. Fuair sé an bád gan aon duine ar bord, an t-inneall ag rith agus í coinnithe ag strapa de photaí gliomach. Fógraíodh éigeandáil agus cuireadh tús le cuardach iomlán. Thart ar 17.40, fuarthas corp Scipéir an 'Loch Corrib II' san uisce timpeall muirmhíle siar ó phocán na Carraige Duibhe, amach ó Bhearna.</p>	1 Bhás Amháin	<p>Léiríonn tuairisc an scrúdaithe iarbháis go mb'fhéidir gur tháinig taom de chineál éigin ar an Taismeach agus go bhféadfadh sé sin a bheith mar chúis gur thit sé i bhfarraige. D'oibrigh an seaicéad tarrthála inséidte uathoibríoch mar is ceart. Ach sin ráite, dá mbeadh an PFD á chaitheamh aige taobh amuigh dá oléadaí, nuair a chuaigh sé i bhfarraige bheadh an Taismeach in ann an PLB a oibriú má bhí sé comhfhiosach. Dá mbeadh an PLB curtha ar siúl chinnteofaí go mbeadh na seirbhísí éigeandála ar an airdeall ní ba thapúla agus b'fhéidir go mbeadh an Taismeach sábháilte dá réir sin. Cé go raibh an PFD ag obair, ní raibh seirbhís déanta air de réir mar a bhí molta ag an déantóir.</p>

AINM AN ÁRTHAIGH/ TEAGMHAIS	DÁTA FOILSITHE	CINEÁL ÁRTHAIGH	CINEÁL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ/BÁS ANNA	AN CHÚIS A BHÍ LEIS AN TEAGMHAS
<p>IRCG Delta RIB (Tuairisc Eatramhach)</p>	<p>11 Meán Fómhair 2017</p>	<p>Bád Paisinéirí/ Intíre</p>	<p>Bean i bhFarraige</p>	<p>Ar an 9ú Meán Fómhair 2016, chuir MRSC Dhaibhre cúram ar Stáisiún an Gharda Cósta i gCill Chaoi saorálaithe cuardach agus tarrthála a chur ar fáil ag na hailte atá siar ó dheas ón mbaile, in aice leis an bhFuathach. Thug tuairiscí le fios go bhfeadfadh fear a bheith tite de na hailte. Maidin an 12ú Meán Fómhair, tháinig na saorálaithe le chéile ag Stáisiún an Gharda Cósta agus lean siad leis na hoibríochtaí, lena n-áirítear Delta RIB a chur ar an bhfarraige. Ar an dara cúram den lá agus le linn a bheith ag cuardach cuais soir ón bhFuathach, fuarthas teachtaireacht Mayday ón Delta RIB. Thug tuairiscí le fios go raibh an t-árthach tar éis iompú agus go raibh an tríúr criú cáite i bhfarraige. Láithreach, cuireadh tús le beartas iomlán cuardaigh agus tarrthála. Thóg RIB duine den chriú as an uisce, tharrtháil an tseirbhís héileacaptair SAR an dara duine den chriú. Bhásaigh an tríúr duine den chriú sa teagmhas agus thóg an tseirbhís héileacaptair SAR an corp as an uisce.</p>	<p>1 Bhás Amháin</p>	<p>Ag Fanacht leis an Tuarascáil Deiridh</p>

AINM AN ÁRTHAIGH/ TEAGMHAIS	DÁTA FOILSITHE	CINEÁL ÁRTHAIGH	CINEÁL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ/BÁS ANNA	AN CHÚIS A BHÍ LEIS AN TEAGMHAS
PV Mary Ann of Dunloe	22 Meán Fómhair 2017	Bád Paisinéirí/ Intíre	Iombhá	Maidin an 1ú Meán Fómhair 2016, ag thart ar 11.30, bhí ártach paisinéirí a raibh dáréag turasóirí uirthi ag déanamh a bealach ó Chaisleán an Rois go dtí Bearna an Choimín. Nuair a bhí an t-ártach ag déanamh ar Phointe Foilcoille ar Loch Léin, chuaigh an aimsir in olcas le gaoth ard agus tonnta arda. Líon an t-ártach le huisce agus caitheadh na paisinéirí isteach san uisce. Tháinig trí ártach eile ar an láthair chun cuidiú leis an ártach a bhí i dtrioblóid. Tarrtháladh na paisinéirí ar fad agus ball foirne an ártach thaismigh agus níor tharla aon ghortú mór déinne.	0	Tugadh faoin turas i ndrochaimsir nach raibh oiriúnach chun ártach luchtaithe a oibriú. Ní raibh aon phleanáil déanta don turas ina iomláine. Mar gheall ar chomh luchtaithe agus a bhí an t-ártach ní raibh dóthain de shaorbhord aici le cosc a chur le tógáil uisce agus dá bharr líon an bád sna coinníollacha ina raibh sí.

AINM AN ÁRTHAIGH/ TEAGMHAIS	DÁTA FOILSITHE	CINEÁL ÁRTHAIGH	CINEÁL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ/BÁS ANNA	AN CHÚIS A BHÍ LEIS AN TEAGMHAS
FV Endurance (Tuairisc Eatramhach)	1 Nollaig 2017	Bád lascaigh 15m - 24m	Teagmhas marfach ar bord	Ar an 8ú Samhain 2016, bhí an 'FV Endurance' ag iascach cloicheán thart ar 200 mhuirmhíle siar ó dheas ó chósta na hÉireann i gceantar Bhanc Porcupine. Thart ar 18.30 bhí na heangacha á dtabhairt isteach. Bhí eangach an deasbhoird thar a bheith trom. Le linn a bheith ag tabhairt isteach na heangaí sáinníodh duine den chriú idir an eangach agus deireadh an deasbhoird. Scinn an eangach ar dheis agus thug sí an ball foirne léithe. Crochadh an ball foirne bun os cionn, bascadh in aghaidh ráille an deasbhoird é agus ansin crochadh thar an ráille é le fórsa na heangaí. Leaindeáil an ball foirne ar dhreapa taobh amuigh den ráille agus sháinnigh an eangach ansin é. Chroch an Scipéir agus an criú an ball foirne ar ais thar an ráille agus anuas ar an deic uachtair ag cúl an árthaigh. Gortaíodh an ball foirne go margach.	1 Bhás Amháin	Ag Fanacht leis an Tuarascáil Deiridh

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi aon cheann de na teagmhais fhiosraithe sin déan tagairt dár láithreán gréasáin, www.mcib.ie.

Sampla de Chásanna a Foilsíodh 2017

1ú Eanáir go dtí 31ú Nollaig 2017

Is mian leis an mBord aird ar leith a tharraingt ar na trí thuarascáil seo a leanas a foilsíodh in 2017.

TEAGMHAS MARFACH AG BA NEIDÍN



San iarnóin ar an 31ú Eanáir, 2016, d'ímigh beirt agus dhá mhadra i gcanú ón trá i gcomharsanacht na seanreilige sa Teampall Nua, Co. Chiarraí le dul ag fiach lachan ar oileán atá in aice láimhe. Go gairid tar éis dóibh imeacht, d'iompaigh an bád agus cuireadh a raibh istigh inti isteach san uisce. Tarrtháladh duine amháin ina dhiaidh sin. Thángthas ar chorp an dara duine an lá dar gcionn, an 1ú Feabhra 2016.

FV SEAN ANTHONY AR CHARRAIG AG CIONN TSÁILE, CO. CHORCAIGH



D'fhág an 'FV Sean Anthony' Cionn tSáile ar an 5ú Aibreán 2016 chun dul ag iascach ar bhráití atá thart ar 25 míle siar ó dheas ó Cionn tSáile, gar do Thobar Gáis Cionn tSáile. Stop an bád ag iascach ar an 10ú Aibreán 2016, mar gheall ar dhrochaimsir agus bhí sí ar a bealach ar ais abhaile nuair a chaill sí cumhacht. Cuireadh an bád ar na carraigeacha ar an taobh thiar den bhealach isteach chuig Cé Cionn tSáile, siar ó Lower Cove geall leis. Go gairid roimh dhul ar na carraigeacha, d'éisigh an Scipéir glaoch Mayday agus chuir sé Garda Cómhaeilt na hÉireann ar an airdeall. Cuireadh cúram ar an RNLI ag Cionn tSáile dul chuig an láthair agus bhain siad amach an áit in achar beag ama. Tarrtháladh gach duine den triúr foirne. Níor tharla aon truailliú.

MV ROSE OF ARAN, CÉIBH INIS OÍRR



Ar an Luan, an 6ú Meitheamh 2016, bhí an long paisinéirí 'PV Rose of Aran' le céibh in Inis Oírr chun paisinéirí a aistriú. Le linn di a bheith le céibh agus paisinéirí ag teacht amach as an mbád thar an ngeata bordála, d'ímigh an long amach ón gcéibh agus thit deireadh an gheata bordála den céibh. Thit cuid den gheata bordála síos i dtreo an uisce. Bhí beirt phaisinéirí ar an ngeata bordála ag an am agus thit an bheirt acu i bhfarráige idir an long agus an céibh. Chuidigh daoine a bhí ar an láthair leis an mbeirt phaisinéirí a theacht aníos ar an gcéibh. Cuireadh cóir leighis ar an mbeirt phaisinéirí ar an oileán agus aistríodh ar ais go dtí an mórhír iad ní ba dheireanaí.

PV MARY ANN OF DUNLOE, LOCH LÉIN, CILL ÁIRNE, CO. CHIARRAÍ



Maidin an 1ú Meán Fómhair 2016, ag thart ar 11.30, bhí ártach paisinéirí a raibh dáréag turasóirí uirthi ag déanamh a bealach ó Chaisleán an Rois go dtí Bearna an Choimín. Nuair a bhí an t-ártach ag déanamh ar Phointe Foilcoille ar Loch Léin chuaigh an aimsir in oclás le gaoth láidir agus tonnta arda. Líon an t-ártach le huisce agus caitheadh na paisinéirí isteach san uisce. Tháinig trí ártach eile ar an láthair chun cuidiú leis an ártach a bhí i dtrioblóid. Tarrtháladh na paisinéirí ar fad agus ball foirne an ártach thaismigh agus níor tharla aon ghortú mór d'éinne.


Comparáidí idir Taismí Muirí 2008 - 2017

Cineál Árthaigh	2008	2009	2010	2011	2012	2013	2014	2015	2016	2017
Longa/Árthaigh Paisinéirí										
Róró Idirnáisiúnta	1 Bhás Amháin								10 Gortaithe	1 Bhás Amháin
Intíre		1 Bhás Amháin			1 Bhás Amháin				2 Gortaithe	
Long Paisinéirí									1 Bhás Amháin 1 Gortaith	
Fo-iomlán	1 Bhás Amháin	1 Bhás Amháin	Dada	Dada	1 Bhás Amháin	Dada	Dada	Dada	1 Bhás Amháin 13 Gortaithe	1 Bhás Amháin
Longa Lastais										
Longa Lastais Ghinearálta										
Lastas Róró										
Tancaer										
Builciompróir										
Long Choimeádán										
Iompróir Carranna										
Bád Oibre Píolóta/Báirse										
Crochadh Trom										
Fo-iomlán	Dada	Dada	Dada	Dada	Dada	Dada	Dada	Dada	Dada	Dada
Báid lascaigh										
< 15 méadar	2 Bhás		2 Bhás	4 Bhás	4 Bhás/ 1 Gortaith	2 Bhás	1 Bhás Amháin	1 Bhás Amháin	2 Bhás	2 Bhás
15 - 24 méadar	1 Bhás Amháin		1 Bhás Amháin/ 1 Gortaith		5 Fatalities/ 1 Gortaith	3 Bhás				
> 24 méadar	1 Bhás Amháin			1 Bhás Amháin				2 Bhás	2 Bhás	
Fo-iomlán	4 Bhás	Dada	3 Bhás/ 1 Gortaith	5 Bhás	9 Bhás/ 2 Gortaithe	5 Bhás	1 Bhás Amháin	3 Bhás	4 Bhás	2 Bhás
Árthaigh Áineasa										
Feithiclí Scairdsciála										
Báid Oscailte/Canúna	3 Bhás	4 Bhás	8 Bhás	1 Bhás Amháin	3 Bhás	1 Bhás Amháin	3 Bhás/ 1 Gortaith		1 Bhás Amháin/ 1 Gortaith	1 Bhás Amháin
Mótar (Le Deic)			5 Bhás/ 1 Gortaith					2 Bhás	3 Bhás	
Bád Seoil	1 Bhás Amháin	1 Bhás Amháin			1 Bhás Amháin		1 Bhás Amháin			
Árthach Cumhachta Tapa/RIB			2 Bhás	1 Bhás Amháin	1 Bhás Amháin/ 2 Gortaithe					2 Fatalities
Fo-iomlán	4 Bhás	5 Bhás	15 Bhás/ 1 Gortaith	2 Bhás	5 Bhás/ 2 Gortaithe	1 Bhás Amháin	4 Bhás/ 1 Gortaith	2 Bhás	4 Bhás/ 1 Gortaith	3 Bhás
Iomlán na dTeagmhás	10	6	17	13	17	6	7	7	15	5
Iomlán na mBásanna	9	6	18	7	15	6	5	5	9	6
Iomlán na nGortaithe	0	0	2	0	4	0	1	0	14	0
Líon Iomlán na nÁrthach a bhí i gceist	10	6	18	12*	18	6	7	7	15	5


*Níl an teagmhás a tharla ag Ceann Chlochair in 2011 áirithe anseo, ceann ina raibh a lán cadhcanna agus leaná i gceist

Treochtaí Básanna 2008 - 2017


Longa/Árthaigh Paisinéirí




Longa Lastais



Báid Iascaigh



Árthaigh Áineasa



Ráitis Airgeadais 2017



Tréimhse Tuairiscithe 1 Eanáir go 31 Nollaig 2017

An Clár

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí	29
Ráiteas faoin gCóras Rialúcháin Airgeadais	30
Tuairisc An Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	31
Ráiteas faoi Bheartais Chuntasáochta	32
Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe	33
Ráiteas faoin Staid Airgeadais	34
Ráiteas faoi Shreafaí Airgid	35
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017	36

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird

Don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2017

Freagrachtaí an Bhoird

Faoi réir Alt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000, caithfidh an Bord cuntais chearta a choinneáil ar gach airgead a fhaigheann sé nó a chaitheann sé, in aon fhoirm a bheidh ceadaithe ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le cead an Aire Airgeadais. In ullmhú na ráiteas airgeadais, éilítear ar an mBord:

1. Bearta cuí cuntaisíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go leanúnach.
2. Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama.
3. A léiriú gur leanadh de chaighdeáin ábhartha cuntaisíochta, seachas aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais;
4. Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go mbeidh an Bord ag leanúint ar oibríochtaí.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go mbíonn na ráitis airgeadais ag cloí le hAlt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Tá dualgas ar an mBord freisin sócmhainní an Bhoird a chosaint agus dá réir sin bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtacht eile a sheachaint agus a thabhairt faoi deara.



Cliona Cassidy B.L.
Cathaoirleach
29 Meitheamh 2018



Margaret Bell
Rúnaí
29 Meitheamh 2018

Ráiteas faoin gCóras Rialaithe Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2017

Freagracht don chóras um rialú inmheánach airgeadais

Thar ceann an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí, aithním an fhreagracht atá orainn a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais coinnithe agus i bhfeidhm.

Níl an córas rialaithe airgeadais in ann ach deimhniú réasúnta a thabhairt, seachas deimhniú iomlán, go bhfuil na sócmhainní faoi chosaint agus bearta á n-údarú agus á dtaifeadadh go cuí, agus go bhfuil botúin ábharacha nó mírialtacht á seachaint nó go dtabharfaí faoi deara iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Seo a leanas na rialuithe airgeadais a bhí i bhfeidhm don bhliain:

- Údaraíonn beirt chomhaltaí den Bhord ar a laghad gach íocaíocht (seachas tuarastail na foirne*).
- Údaraíonn comhalta eile den Bhord gach éileamh taistil agus cothabhála agus deimhníonn an Rúnaí iad lena n-íoc.
- Tá Cóid Iompraíochta Gnó i bhfeidhm do chomhaltaí an Bhoird agus don fhoireann.
- Ag gach cruinniú Boird, cuireann an Rúnaí an Bord ar an eolas faoin seasamh airgeadais reatha atá ag an mBord Imscrúdú Taismí Muirí.

Aistríodh an Mháthair-Roinn don Bhord Imscrúdú Taismí Muirí le cinneadh Rialtais ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha go dtí an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le héifeacht ón 1 Eanáir 2006. Fuarthas maolú ón cheanglas Alt 10 (iniúchadh inmheánach) den Chód Cleachtais do Rialachas ar Chomhlachtaí Stáit ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt in Iúil 2011.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním, maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2017, go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

Sínithe thar cheann an Bhoird



Cliona Cassidy B.L.
Cathaoirleach
29 Meitheamh 2018

*Nóta: Tá triúr ball foirne ar Rúnaíocht MCIB atá sannta ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais; an Bord Imscrúdú Taismí Muirí

Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017, mar a éilítear faoi fhorálacha alt 20 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Áirithe sna ráitis airgeadais tá:

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas caipitiúil agus cúlchistí ioncaim coinnithe
- an ráiteas faoin staid airgeadais
- an ráiteas faoi shreafaí airgid
- na nótaí a bhaineann leo, achoimre ar na beartais chuntasáochta shuntasacha san áireamh

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais an Bord Imscrúdú Taismí Muirí ar an 31 Nollaig 2017 agus ar a ioncam agus a chaiteachas do 2017 faoi réir Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 - An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais a bhaineann leis an UK agus Poblacht na hÉireann.

Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (ISA) mar atá fógartha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nArd-Institiúidí Iniúchóireachta. Tá cur síos ar mo chúraimí faoi na caighdeáin sin san aguisín atá leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ón mBord Imscrúdú Taismí Muirí agus tá mo chuid cúraimí eiteiciúla eile comhlíonta agam faoi réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam dóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuairisc ar eolas seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Tá eolas áirithe eile curtha ar fáil ag an mBord Imscrúdú Taismí Muirí mar aon leis na ráitis airgeadais. Áirithe anseo tá an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuairisc na gcomhalta Boird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá mo chúraimí i dtaca le tuairisciú ar eolas den chineál sin, agus ar nithe áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu ar bhonn eisceachtúil, leagtha amach san aguisín atá leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam i dtaca leis sin.

Orla Duane

Ar son agus thar cheann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.
29 Meitheamh 2018

Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta

Don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2017

Go Ginearálta

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Chuaigh an Bord i mbun oibre ar an 5 Meitheamh 2002. Bunaíodh go foirmiúil é ar an 25 Márta 2003. Tugann an Bord faoin imscrúdú neamhspleách ar thaismí muirí in Éirinn agus foilsíonn sé na tuairiscí a thagann as sin.

1. Bonn Cuntasaíochta

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil sa bhfoirm atá faofa ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le cead an Aire Airgeadais, faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Tá na Ráitis Airgeadais ullmhaithe ar bhonn fabhráithe, ach amháin mar atá léirithe thíos agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis. Glactar leis na Caighdeáin Thuairiscithe Airgeadais a mholann Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta de réir mar a thagann siad i bhfeidhm..

2. Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Clúdaíonn na ráitis airgeadais an tréimhse 12 mhí go dtí 31 Nollaig 2016.

3. Oireachtas Grants

Is ionann an t-ioncam ó Dheontais Oireachtais agus na fáiltais fhíora airgid sa bhliain ón Roinn Iompair agus Iocaíochtaí sa bhliain a dhéanann an Roinn Iompair thar cheann fhoireann* an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí. .

4. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Taispeántar na Sócmhainní Seasta ar a gcostas. Déantar an dímheas ar bhonn dronlíneach mar seo a leanas
Trealamh Oifige 5 bliana

5. Cuntas Caipitil

Is ionann an cuntas caipitil agus luach gan amúchadh an ioncaim a úsáideadh chun críche caipitil.

6. Aoisliúntas

Tá na baill foirne Roinne* a bhíonn sannta chun feidhmiú mar Rúnaíocht don MCIB clúdaithe ag socruithe ábhartha pinsin na Roinne.

*Nóta: Tá tríúr ball foirne ar Rúnaíocht MCIB atá sannta ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Ráiteas faoi Ioncam & Caiteachas & Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

Don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2017

Ioncam	Nótaí	BLIAIN DAR CRÍOCH	BLIAIN DAR CRÍOCH
		31 NOLL 2017	31 NOLL 2016
		€	€
Deontais Oireachtais (Vóta uimh. 31 Fotheideal C3)		268,959	185,151
		268,959	185,151
Caiteachas			
Tuarastail Foirne	4	120,701	126,927
Táillí na gComhaltaí Boird	5	24,394	13,967
Priontáil, Postas agus Stáiseanóireacht		14,040	15,285
Dearadh Láithreán Gréasáin		677	676
Costais na nImscrúduithe Taismí	3	97,005	57,565
Taisteal & Cothabháil - Comhaltaí Boird	6	504	2,431
Taisteal & Cothabháil - Eile		16	150
Táillí Dlí & Gairmiúla		3,384	2,982
Cuntasaíocht		3,567	5,965
Táillí Iniúcháireachta		5,000	5,000
Táillí Bainc		319	317
Oiliúint			1,194
Costais Éagsúla		933	912
		270,539	233,371
(Easnamh) don Bhliain		(1,580)	(48,220)
(Easnamh)/Barrachas Carntha 1 Eanáir		(40,267)	7,953
(Easnamh) Carntha 31 Nollaig		(41,847)	(40,267)

Tá an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go dtí 12 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Cliona Cassidy B.L.
Cathaoirleach
29 Meitheamh 2018



Margaret Bell
Rúnaí
29 Meitheamh 2018

Ráiteas faoin Staid Airgeadais


Mar a bhí ar an 31ú Nollaig 2017

	Nótaí	31 NOLL 2017 €	31 NOLL 2016 €
Sócmhainní Reatha			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid		50,570	24,890
		50,570	24,890
Creidiúnaithe – méideanna dlite in aon bhliain amháin			
Iníocaíochtaí	2	(92,417)	(65,157)
Glansócmhainní/(Glandliteanais) Reatha		(41,847)	(40,267)
Ag Léiriú			
(Easnamh)/Barrachas Carntha tugtha ar aghaidh		(40,267)	7,953
(Easnamh) don tréimhse		(1,580)	(48,220)
Cúlchistí Ioncaim Coinnithe		(41,847)	(40,267)

Tá an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go dtí 12 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Cliona Cassidy B.L.
Cathaoirleach
29 Meitheamh 2018



Margaret Bell
Rúnaí
29 Meitheamh 2018

Ráiteas faoi Shreafaí Airgid

As at 31st December 2017

	31 NOLL 2017 €	31 NOLL 2016 €
Réiteach an bharrachais oibríochta leis an Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Airgead tirim ginte ó/(ionsúite ag) oibriúcháin	(1,580)	(48,220)
Méadú ar infocaíochtaí	27,260	12,464
Insreabhadh / (eis-sreabhadh) glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	25,680	(35,756)
Sreabhadh glan airgid úsáidte i ngníomhaíochtaí Infheistíochta	-	-
Sreabhadh glan airgid úsáidte i ngníomhaíochtaí maoinithe	-	-
Glanmhéadú/(glanlaghdú) ar airgead tirim agus coibhéisí airgid	25,680	(35,756)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana	24,890	60,646
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana	50,570	24,890

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2017

Nóta 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bonn cuntasáíochta agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha ar ghlac an Bord Imscrúdú Taismí Muirí leo leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm i rith an ama iad i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Chuaigh an Bord i mbun oibre ar an 5 Meitheamh 2002. Bunaíodh go foirmiúil é ar an 25 Márta 2003. Tugann an Bord faoin imscrúdú neamhspleách ar thaismí muirí in Éirinn agus foilsíonn sé na tuairiscí a thagann as sin.

b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais a bhfuil feidhm leis i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC).

Tá Bord an eintitis a bhí i mbun oifige ar an dáta ar glacadh leis na Ráitis Airgeadais seo freagrach as comhlíontacht an chomhlachta lena fhreagrachtaí ábhartha a dhaingniú agus dearbhaímid comhlíontacht an eintitis leis an gCód Cleachtais do Rialachas ar Chomhlachtaí Stáit.

c) Gnóthas leantach

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhunús gnóthais leantaigh.

d) An Bonn Ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi coinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite do shócmhainní agus dlíteanais áirithe a thomhaistear ag luachanna córa mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais sa bhfoirm atá faofa ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Tá na beartais chuntasaíochta seo a leanas curtha i bhfeidhm go leanúnach nuair a bhítear ag déileáil le nithe a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí.

e) Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Clúdaíonn na ráitis airgeadais an tréimhse 12 mhí go dtí 31 Nollaig 2017.

f) Airgeadas

Tá na ráitis airgeadais curtha i láthair in euro (€) agus sin é an t-airgeadas feidhme atá ag an mBord freisin.

g) Deontais Oireachtais

Is ionann an t-ioncam ó Dheontais Oireachtais agus na fáltais fhíora airgid sa bhliain ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus íocaíochtaí sa bhliain a dhéanann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt thar cheann fhoireann* an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí.

h) Aoisliúntas

Tá na baill foirne Roinne* a bhíonn sannta chun feidhmiú mar Rúnaíocht don MCIB clúdaithe ag socruithe ábhartha pinsin na Roinne. Dá réir sin, níl aon dlíteanas ar an mBord i dtaca le Pinsin.

*Nóta: Tá triúr ball foirne ar Rúnaíocht MCIB atá sannta ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

i) Infháltais

Aithnítear Infháltais ar a luach cóir, lúide foráil d'fhiacha amhrasacha. Foráil shonrach is ea an fhoráil d'fhiacha amhrasacha, agus bunaítear í nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí in ann na suimeanna ar fad atá dlite dó a bhailiú. Déantar gach gluaiseacht san fhoráil d'fhiacha amhrasacha a

aithint sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

j) Airgead tirim agus coibhéisí airgid

Áirithe le hairgead tirim agus coibhéisí airgid tá airgead ar láimh, éarlais a bhíonn coinnithe ar glao le bainc, infheistíochtaí leachtacha gearrthéarmacha eile a bhfuil aibíochtaí tráth a n-eisiúna de thrí mhí nó níos lú acu, agus rótharraingtí bainc. Tá na rótharraingtí bainc taispeánta laistigh d'iasachtaíochtaí i ndliteanais reatha.

Nóta 2. Creidiúnaithe – méideanna a bhíonn dlite in aon bhliain amháin

	2017	2016
	€	€
Creidiúnaithe – méideanna a bhíonn dlite in aon bhliain amháin		
Costais Fhabhráithe	(92,417)	(65,157)

Nóta 3. Costais na nImscrúduithe ar Thaismí

I rith na bliana dar críoch 31ú Nollaig 2017, chuir an Bord bailchríoch ar 8 imscrúdú agus foilsíodh tuairiscí ar gach imscrúdú. Lena chois sin, foilsíodh 4 thuairisc eatramhacha faoi imscrúduithe leanúnacha in 2017. Faoin 31ú Nollaig 2017, bhí 10 n-imscrúdú ag dul ar aghaidh agus ní raibh siad críochnaithe. Is é an costas ionchasach ar an obair seo ná €67,280 agus tá sé sin áirithe i bhfigiúr fabhráithe na gcostas i nóta 2.

Nóta 4. Fostaithe agus Aoisliúntas

Pearsanra na príomhfhoirne bainistíochta

Is iad pearsanra na príomhfhoirne bhainistíochta in MCIB na comhaltaí an Bhoird agus an fhoireann bhainistíochta sinsir. Tá luach iomlán na sochar fostaithe don phríomhfhoireann bainistíochta leagtha amach sna Nótaí 5 agus 6 atá leis na Ráitis Airgeadais.

Tá Rúnaíocht bhuan de thriúr ball foirne curtha ar fáil ag an Roinn Iompair, Turasoireachta agus Spóirt. Fuair an Roinn costais na foirne ar ais ó leithdháileadh dheontais an Bhoird. Bhí 3 ball foirne ag an mBord a bhí sannta ón RIT&S ag deireadh 2017 agus bhí 3 ball foirne sannta ag deireadh 2016.

	2017	2016
	€	€
Tuarastal foirne	120,701	126,927

Nóta 5. Táillí do Chomhaltaí an Bhoird

Comhalta Boid	2017	2016
	€	€
Cliona Cassidy	14,418	7,618
Brian Keane		1,270
Michael Frain	998	5,079
Frank Cronin	4,489	
Dorothea Dowling	4,489	
Total Fees	24,394	13,967

Íoctar ráta bliantúil le comhaltaí an Bhoird, ní de réir tinrimh ar chruinnithe.

Faoi réir an phrionsabail 'Duine Amháin Tuarastal Amháin', ní bhfuair comhaltaí eile atá ag freastal ar an mBord aon táille in 2017.

Nóta 6. Taisteal Chomhaltaí an Bhoird

Íocadh costais taistil de €504 le comhaltaí an Bhoird in 2017 maidir le freastal ar Chruinnithe Boird i rith 2017 agus as sin fuair Michael Frain €504. Íocadh na costais go léir de réir Rátaí Taistil na Státseirbhíse.

Nóta 7. Gnóthas leantach

Sa bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2017, chláraigh an Bord easnamh oibriúcháin de €1,580, agus easnamh carntha de €41,847 do 2002 - 2017. Fuarthas maoiniú in 2018 agus táthar ag súil go leanfar de bheith á fháil chun a chinntiú gur féidir leis an mBord a dhliteanas go léir a ghlanadh.

Nóta 8. Costais oibriúcháin

Cuireann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt cóiríocht ar fáil in aisce don Bhard, úsáid na sócmhainní seasta san áireamh, i bhfoirgneamh na Roinne i Lána Liosain, Baile Átha Cliath 2.

Déanann an Bord maoiniú ar a chostais oibriúcháin féin cé is moite de na seirbhísí seo a leanas a chuireann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar fáil in aisce:

- Teileafón & Facs
- Postas, stáiseanóireacht & costais phriontála inmheánacha
- Glanadh
- Costais oifige eile lena n-áirítear solas agus teas.

Nóta 9. Cánachas

Faoi réir Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, níor íocadh aon cháin agus níor dearnadh aon fhoráil di sna ráitis airgeadais.

Nóta 10. Comhaltaí an Bhoird: Nochtadh Leasa

Tá nósanna imeachta glactha ag na comhaltaí Boird go léir faoi réir ailt 17 agus 18 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

Nóta 11. Cruinnithe Boird

Tagann an Bord le chéile ar bhonn rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar a oibriúcháin. Tháinig an Bord le chéile dhá uair déag in 2017. Seo a leanas líon na gcruinnithe Boird ar fhreastail gach Comhalta Boird orthu:

Cliona Cassidy	12
Michael Frain (chríochnaigh a théarma i bhFeabhra 2017)	2
Frank Cronin (ceaptha in Aibreán 2017)	9
Dorothea (ceaptha in Aibreán 2017)	6
Jurgen Wyte (chríochnaigh a théarma i mí na Samhna 2017)	10
Nigel Lindsay (ceaptha i mí na Samhna 2017)	1
Brian Hogan	12

Tháinig deireadh le téarma Michael Frain ar an mBord i bhFeabhra 2017 agus tháinig Frank Cronin ina áit ar an 1ú Aibreán 2017. I mí na Samhna 2017, tháinig Nigel Lindsay isteach in áit Jurgen Whyte mar ainmní an Ard-Rúnaí. Ceapadh Dorothea ina Leaschathaoirleach in Aibreán 2017. Ar an 31ú Nollaig 2017 bhí 5 comhaltaí san iomlán ar an mBord.

Nóta 12. Glacadh leis na Ráiteas Airgeadais

Ghlac an Bord leis na Ráitis Airgeadais ar an 29ú Meitheamh 2018.

NÓTAÍ



Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2. Teileafón: 01-678 3485. www.mcib.ie